**RABHADH**
**Freagair gach ceist sna spásanna cuí ar an bpáipéar seo.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2016**

**STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA**

**ARDLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE, 10 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 - 11.30**

**Treoracha d'iarrthóirí:**

**Freagair GACH CEANN de na CÚIG cheist laistigh**

- Ceist 1 *ar leathanaigh 2, 3, 4 agus 5*
  Freagair codanna (A), (B) agus (C)
- Ceist 2 *ar leathanaigh 6, 7, 8 agus 9*
  Freagair cuid (A) nó (B)
- Ceist 3 *ar leathanaigh 10, 11, 12 agus 13*
  Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó (C)
- Ceist 4 *ar leathanaigh 14 agus 15*
  Freagair na ceisteanna go léir
- Ceist 5 *ar leathanach 16*
  Seiceáil ar dtús an bhfuil an léarscáil agus an t-aerfótagraf agat. Freagair na ceisteanna go léir.

**Don scrúdaitheoir amháin:**

| *Ceist* | **MARC** |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **IOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

**CEIST 1**
**24 marc**

**Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C)**

**(A) CEISTEANNA ILROGHNACHA** **(12 mharc)**
**Freagair 12 de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic ( ✓ ) sa bhosca ceart i ngach cás.**

*Sampla:* Is í an chathair is mó in Éirinn ná:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | Gaillimh | ☐ | (b) | Béal Feirste | ☐ | |
| (c) | Baile Áth Cliath | ✓ | (d) | Port Láirge | ☐ | (1) |

***1.*** Is é a thugtar ar dhuine a thugann aire do thaifid pháipéir i músaem ná:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | seandálaí | ☐ | (b) | cartagrafaí | ☐ | |
| (c) | cartlannaí | ☐ | (d) | geolaí | ☐ | (1) |

***2.*** Oibríonn seandálaí go príomha:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | ag tomhas leibhéil uisce | ☐ | (b) | ag tochailt sa talamh | ☐ | |
| (c) | ag úsáid ríomhaire | ☐ | (d) | ag scríobh | ☐ | (1) |

***3.*** Is é is 'móta agus bábhún' ann ná sampla de:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | lonnaíocht Normannach | ☐ | (b) | lonnaíocht Cheilteach | ☐ | |
| (c) | lonnaíocht Rómhánach | ☐ | (d) | lonnaíocht Lochlannach | ☐ | (1) |

***4.*** Cé acu díobh seo a leanas **NACH** foinse phríomhúil atá ann?

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | nuachtán ón am sin | ☐ | (b) | teastas breithe | ☐ | |
| (c) | leabhar a scríobhadh faoin am sin | ☐ | (d) | dialann | ☐ | (1) |

***5.*** Ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis úsáidtear an línescála chun tomhas a dhéanamh:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | ar airde | ☐ | (b) | ar dhaonra | ☐ | |
| (c) | ar threo | ☐ | (d) | ar fhad | ☐ | (1) |

***6.*** Is tír í Éire atá:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | san Áise | ☐ | (b) | san Eoraip | ☐ | |
| (c) | san Antartach | ☐ | (d) | i Meiriceá | ☐ | (1) |

*7.* Déantar suíomhanna stairiúla ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a mharcáil:

(a) le scríbhneoireacht dhubh ☐ (b) le scríbhneoireacht ghorm ☐

(c) le scríbhneoireacht bhuí ☐ (d) le scríbhneoireacht dhearg ☐ (1)

*8.* Is ionaid iad bainc, comhair chreidmheasa agus oifigí phoist:

(a) do chaitheamh aimsire ☐ (b) do thionsclaíocht ☐

(c) d'oideachas ☐ (d) d'airgeadas ☐ (1)

*9.* Cé acu díobh seo a leanas **NACH** bhfuil mar chuid de Thimthriall an Uisce?


(a) galú ☐ (b) comhdhlúthú ☐


(c) fairsingiú fásaigh ☐ (d) frasaíocht ☐ (1)

*10.* Is é atá i gceantar cónaithe den chuid is mó ná:

(a) oifigí agus siopaí ☐ (b) feirmeacha ☐

(c) tithe ☐ (d) stáisiúin chumhachta ☐ (1)





*11.* Is é atá ar an láthair de réir mar atá léirithe ag na comharthaí thuas ná:

(a) leithris phoiblí ☐ (b) láthair phicnicí ☐

(c) leaba is bricfeasta ☐ (d) ospidéal ☐ (1)

*12.* Is é a thugtar ar ghluaiseacht daoine ó thír amháin go tír eile ná:

(a) lonnaíocht ☐ (b) imirce ☐

(c) lárú ☐ (d) dílárú ☐ (1)

*13.* Cé acu tír **NACH** raibh páirteach sa Chéad Chogadh Domhanda ná sa Dara Cogadh Domhanda?

(a) An tSualainn ☐ (b) Stáit Aontaithe Mheiriceá ☐

(c) An Bhreatain ☐ (d) An Ghearmáin ☐ (1)

*14.* Is minic gurb é a leanann crith talún faoin bhfarraige ná:

(a) súnámaí ☐ (b) stoirm ghaoithe ☐

(c) stoirm ghainimh ☐ (d) maidhm shneachta ☐ (1)

**[Thall**

**(B) MUINTIR AN tSEANSAOIL** **(6 mharc)**

**AN tSEANRÓIMH, AN tSEANGHRÉIG, AN tSEANÉIGIPT NÓ DOMHAN NA nINCEACH**

I gcás ceann **AMHÁIN** de na sibhialtachtaí thuas, scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Saol agus trealamh saighdiúra

**NÓ**

(b) Tithe agus ionaid chónaithe

**NÓ**

(c) Na héadaí a chaith siad

**NÓ**

(d) Nósanna adhlactha agus sochraide

Is í an tsibhialtacht a scríobhfaidh mé fúithi ná ______________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(6)

**(C) CAISLEÁIN** **(6 mharc)**



***"Caisleán Bhaile Átha Troim 6" le Andrew Parnell – Caisleán Bhaile Átha Troim. Ceadúnaithe faoi CC BY 2.0 via Commons - https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Trim_Castle_6.jpg#/media/File:Trim_Castle_6.jpg***

Taispeánann an fótagraf fothracha Chaisleán Bhaile Átha Troim i gContae na Mí.

***1.*** Ainmnigh **DHÁ** ábhar a úsáideadh chun caisleáin mar Chaisleán Bhaile Átha Troim a thógáil.

____________________ agus ____________________(2)

***2.*** Ainmnigh **DHÁ** ghné chosanta den chaisleán ar féidir leat iad a fheiceáil san fhótagraf.

________________________________________

________________________________________(2)

***3.*** I gcaisleán, cad ba chiall leis an 'daingean'?

________________________________________

________________________________________

________________________________________(2)



**[Thall**

**CEIST 2**

**24 marc**

**Freagair cuid (A) NÓ cuid (B)**

## (A) PLANDÁIL IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS (24 marc)

***Léigh an sliocht thíos agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.***

Suirbhé a rinneadh in 1619

...... anois tá an méid seo a leanas tógtha laistigh de Chontaetha Thír Eoghain, Dhún na nGall, Fhear Manach, an Chabháin agus Londain-Doire

107 caisleán le bábhúin

19 gcaisleán gan bhábhúin

42 bábhún gan aon chaisleáin ná aon tithe

1897 teach cloiche nó adhmaid......

Nicholas Pynnar

*1.* Cé mhéad contae atá ainmnithe sa suirbhé?

______________________________________________________ (2)

*2.* Cén phlandáil a dtagraíonn an suirbhé di?

______________________________________________________ (2)

*3.* Cén **DÁ** chineál caisleáin a luaitear sa suirbhé?

1. ______________________________________________________

2. ______________________________________________________ (2)

*4.* Cén fáth a dtagraítear do Chontae Dhoire mar 'Londain-Doire'?

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________ (4)

***5.*** Tabhair **DHÁ** chúis ar thóg na plandálaithe an oiread sin caisleán.

(4)

***6.*** Mínigh **DHÁ** cheann de na téarmaí seo a leanas:

Ceithearn choille

Bábhún

Seirbheoir

(4)

***7.*** Scríobh alt ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Na cúiseanna a raibh rí Shasana ag iarraidh Cúige Uladh a phlandáil;
(b) Cuideachtaí Londan;
(c) Tionchair Phlandáil Uladh;
(d) Mothúcháin Éireannaigh a ruaigeadh óna chuid talún le linn plandála.

(8)



**[Thall**


**NÓ**

**(B) AN BHRASAÍL** **(24 marc)**

**DÍFHORAOISIÚ**

**Féach ar an ngraf agus freagair na ceisteanna thíos.**

**Dífhoraoisiú sa Bhrasaíl 2000-2012**
**i gciliméadair chearnacha**




Taispeánann an graf seo an chaoi ar tháinig laghdú ar an dífhoraoisiú sa Bhrasaíl idir na blianta 2000 agus 2012. Níl an oiread crann á leagan sa Bhrasaíl, ach ar an iomlán, tá dífhoraoisiú réigiún na hAmasóine ag méadú.

*1.* Tá réigiún na hAmasóine chomh tábhachtach sin do Thimthriall na hOcsaigine, go dtugtar

__________________________ an domhain ar an réigiún uaireanta. (2)

*2.* De réir an ghraif, cén tréimhse blianta inar tharla titim mhór ar líon na gcrann a bhí á leagan?

Idir________________________________ agus ___________________________________ (2)

*3.* Tabhair **DHÁ** chúis a bhfuil an oiread sin crann á leagan i réigiún na hAmasóine.

___________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________ (4)

*4.* Tabhair cúis **AMHÁIN** a bhfuil titim ag teacht ar an ráta dífhoraoisithe sa Bhrasaíl.

___________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________ (4)

## FAVELAS

***Féach ar na fótagraif, léigh an t-eolas agus freagair na ceisteanna a leanann é.***






***Pictiúir le caoinchead: CatComm | RioOnWatch***

Táthar ag fáil réidh le favela Vila Autodromo mar go bhfuil sé in aice leis an áit ina bhfuil an sráidbhaile Oilimpeach á thógáil do chluichí Oilimpeacha Rio de Janeiro in 2016. Dúradh leis na daoine ansin nach mbeadh orthu imeacht, ach ansin tairgeadh airgead do chuid acu agus d'fhág siad. Tháinig na hollscartairí agus na póilíní isteach chun a gcuid tithe a leagan. Is é atá á rá ag an ngraifítí ná 'Níl praghas ar gach duine'.

***5.*** Cad, dar leat, atá i gceist ag úinéir an tí leis an ngraifítí 'Níl praghas ar gach duine'?

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ (2)

***6.*** Tabhair **DHÁ** chúis a bhfuil mórán daoine i gcathracha na Brasaíle ina gcónaí in favelas.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ (4)

***7.*** Scríobh **THRÍ** chúis ar a laghad go mb'fhéidir nach mbeadh na daoine atá ag eagrú na gcluichí Oilimpeacha ag iarraidh an favela a bheith díreach taobh leis an bPáirc Oilimpeach.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________


_______________________________________________ (6)


# CEIST3
**24 marc**

**Freagair cuid (A), ansin freagair cuid (B) <u>nó</u> (C)**

## (A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH (12 mharc)

Ar an 4 Iúil, 1838, i ndiaidh báistí agus toirní a bhí thar a bhí trom, bhí tuile i mianach Husker in aice le Barnsley i Sasana agus bádh 26 páiste a bhí ag obair sa mhianach. Den chuid ba mhó, bhí na páistí ag obair mar 'dhoirseoirí', ag coinneáil doirse ar oscailt chun cead a thabhairt do bhuachaillí agus do chailíní níos sine araidí móra lán de ghual a shá suas fána.




Seo fótagraif de na clocha cinn a tógadh i gcuimhne ar na páistí.

| Is iad seo a leanas na páistí a bhásaigh | Is iad seo a leanas na cailíní a bhásaigh |
|---|---|
| George Birkinshaw 10 mbliana d'aois. | Catherine Garnett 8 mbliana d'aois. |
| James Birkinshaw 7 mbliana d'aois, deartháireacha | Hannah Webster 13 bliana d'aois. |
| Isaac Wright 12 bhliain d'aois. | Elizabeth Carr 13 bliana d'aois. |
| Amos Wright 8 mbliana d'aois, deartháireacha. | Anne Moss 9 mbliana d'aois. |
| James Clarkson 16 bliana d'aois. | Elizabeth Hollings 15 bliana d'aois. |
| Francis Hoyland 13 bliana d'aois | Hannah Taylor 17 mbliana d'aois. |
| William Atick 12 bhliain d'aois. | Ellen Parker 15 bliana d'aois. |
| Samuel Horne 10 mbliana d'aois. | Mary Sellars 10 mbliana d'aois. |
| Eli Hutchinson 9 mbliana d'aois. | Sarah Jukes 8 mbliana d'aois. |
| John Simpson 9 mbliana d'aois. | Sarah Newton 8 mbliana d'aois |
| George Barnett 9 mbliana d'aois. | agus Elizabeth Clarkson 11 bhliain d'aois, a |
| George Lamb 8 mbliana d'aois. | adhlacadh ag cosa a dearthár |
| William Wamersley 8 mbliana d'aois | |
| John Gothard 8 mbliana d'aois. | |
| James Turton 10 mbliana d'aois. | |

Bhí an-fhearg i measc an phobail tar éis na tubaiste agus d'éiligh daoine go gcuirfí dlíthe i bhfeidhm nach gceadódh dó tarlú arís. Níorbh í sin an t-aon timpiste a tharla i mianach an bhliain sin. Bhí timpistí coitianta.

In 1842, achtaíodh Acht na Mianach

- ➔ Toirmeascadh ar bhaineannaigh oibriú faoi thalamh i mianaigh
- ➔ Níor ceadaíodh do bhuachaillí faoi dheich mbliana d'aois oibriú i mianaigh
- ➔ D'fhéadfadh printísigh idir 10 agus 18 mbliana d'aois leanúint de bheith ag obair sna mianaigh

*1.* Bhí na páistí ag obair mar 'dhoirseoirí' den chuid ba mhó. Cad a rinne 'doirseoirí'?

______________________________________________________________

______________________________________________________________(1)

*2.* Bhí an páiste ab óige a bhásaigh seacht mbliana d'aois. Cén t-ainm a bhí air?

______________________________________________________________ (1)

*3.* Bhí mórán timpistí ag tarlú i mianaigh ag an am. Cén fáth, dar leat, ar spreag an ceann seo an oiread sin daoine chun éileamh a dhéanamh go n-athrófaí na dlíthe.

______________________________________________________________

______________________________________________________________(2)

*4.* Luaigh athrú **AMHÁIN** ar na dlíthe a tugadh isteach faoi Acht na Mianach in 1842.

______________________________________________________________

______________________________________________________________(2)

*5.* Scríobh alt faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas.

Athruithe sa Mhíochaine le linn na Réabhlóide Tionsclaíche
**NÓ**
Athruithe i gcúrsaí Iompair le linn na Réabhlóide Tionsclaíche

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________(6)



**[Thall**

**FREAGAIR CUID (B) <u>NÓ</u> CUID (C)**

**(B) AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

**Féach ar na fótagraif agus freagair na ceisteanna thíos.**







Baineadh úsáid as mórán ainmhithe chun cuidiú le troid an chogaidh.
Bhí orthu trealamh speisialta a bheith acu, cosúil leis na saighdiúirí.

*1.* Cén trealamh speisialta atá á chaitheamh ag na saighdiúirí agus ag na hainmhithe sna fótagraif seo?

______________________________________________________________(2)

*2.* Tabhair **DHÁ** shampla de na cineálacha tascanna a bhféadfaí madraí a úsáid chun iad a dhéanamh sa chogadh.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________(2)

*3.* Scríobh alt gearr faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Airm nua a úsáideadh sa Chéad Chogadh Domhanda;
(b) Suaitheadh catha;
(c) Mná le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________(8)

<u>**NÓ**</u>

**(C) AN DARA COGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**



HIROSHIMA IS WIPED OUT!

FINAL ERIE DAILY TIMES

ERIE, PA., WEDNESDAY, AUGUST 8, 1945

Deaths "Too Numerous" To Count; Japs Concede 100,000 In Casualties

VICTIM'S AUTO IS RECOVERED; CHECK PRINTS

EYE-WITNESS: Fliers Tell Of Atomic Raid

POUND TOKYO'S ARMS PLANTS

Japs Charge Atomic Bomb Violates International Law

PENNA. FLIER PILOT OF ATOMIC RAIDER

HIROSHIMA CITY JUST 'DISSOLVED'

ALLIES SET UP




Photo: AFP www.teror–victims.com

**Ar an 6 Lúnasa, 1945, scaoileadh buama adamhach anuas ar chathair Hiroshima sa tSeapáin. Cúpla lá ina dhiaidh sin scaoileadh buama adamhach eile anuas ar chathair Nagasaki. Scriosadh an dá chathair agus go gairid ina dhiaidh sin ghéill na Seapánaigh.**

***1.*** Cén tír ar léi an t-aerfhórsa a scaoil anuas an buama adamhach ar an tSeapáin?

________________________________________ (2)

***2.*** Cén fáth, dar leat, ar ghéill na Seapánaigh go gairid tar éis thitim na mbuamaí adamhacha?

________________________________________

________________________________________

________________________________________ (2)

***3.*** Scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Sluachampaí Géibhinn; (b) Aslonnú; (c) An 'Blitz' i Londain.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________ (6)




**[Thall**

# CEIST 4

**24 marc**

**ÉAGOTHROIME AN DOMHAIN – TEACHT AR OIDEACHAS** **(24 marc)**

Féach ar an ngraf, ansin léigh an t-eolas agus freagair na ceisteanna a leanann é.




Is í an 'aois airmheánach' an aois a roinneann daonra tíre ina dhá leath. Mar shampla, ar an léarscáil seo, taispeántar Éire mar bhándearg dorcha. Mar sin, tá leath ár ndaonra níos sine ná 30-35 agus leath níos óige ná 30-35 bliain d'aois. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair ar thíortha a bhfuil aois airmheánach íseal acu fostaíocht mhaith agus seirbhísí oideachais atá go maith a chur ar fáil, mar go bhfuil an oiread sin daoine ag iarraidh iad a úsáid.

***1.*** Cén aois airmheánach atá i bhformhór thíortha na hEorpa?

______________________________________________________________________ (2)

***2.*** Ainmnigh tír **AMHÁIN** (seachas tír na hÉireann) a bhfuil aois airmheánach 35-40 aici.

______________________________________________________________________ (2)

***3.*** Cén ilchríoch ina bhfuil an aois airmheánach is ísle ar an iomlán?

______________________________________________________________________ (2)

***4.*** Déan cur síos ar **THRÍ** dhifríocht idir do shaol féin in Éirinn agus saol páiste óig i dtír bhocht.
*Leideanna – teacht ar chúram sláinte, teacht ar oideachas, ionchas saoil, neamhchosaint ar ghalar, teacht ar uisce glan, etc.*

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (6)

**ATHCHÚRSÁIL**

***Féach ar na fótagraif. Léigh an t-eolas agus freagair na ceisteanna a leanann é.***





In oirthear na hAfraice, déanann daoine seanbhoinn a athchúrsáil mar chuaráin agus mar bhróga. Tugtar 'bróga deich míle míle' orthu siúd. Díoltar le daoine áitiúla iad chomh maith le turasóirí agus is féidir an t-airgead a thuilltear a úsáid chun trealamh a chur ar fáil do scoileanna sna sráidbhailte. Cosnaíonn seanbhonn amháin 30c ach is féidir sé phéire bróg a dhéanamh as, a chosnaíonn dhá euro an péire. Is féidir seanbhoinn a úsáid freisin mar bhealach saor chun urláir agus troscán a dhéanamh.

***5.*** Cé mhéad <u>brabúis</u> is féidir le gréasaí a dhéanamh má dhíolann sé/sí sé phéire de na 'bróga deich míle míle'?

*Leid: Is é an brabús an méid a dhéanann sé/sí nuair a dhíoltar iad, lúide costas na n-ábhar.*

______________________________________________________________________ (2)

***6.*** Tabhair cúis **AMHÁIN** a gceapann tú go dtugtar 'bróga deich míle míle' ar na bróga.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (2)

*7.* Déan cur síos ar bhealach **AMHÁIN** a ndéanaimid boinn a athúsáid nó a athchúrsáil in Éirinn.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (2)

***8.*** ***"Is é an bealach chun cinn don Afraic ná gnólachtaí inbhuanaithe, faoi úinéireacht áitiúil."***
An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis an ráiteas sin? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (6)



**[Thall**

**CEIST 5**

**24 marc**

**Seiceáil an bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50,000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an t-aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo. Ansin freagair na ceisteanna thíos.

Taispeánann an léarscáil agus an fótagraf baile Neidín agus an ceantar ina thimpeall.

*1.* Ainmnigh **DHÁ** bhóthar réigiúnach a thaispeántar ar an léarscáil.

__________________________________ agus ______________________________________ (2)

*2.* Tabhair ainmneacha **DHÁ** abhainn a thaispeántar ar an léarscáil.

__________________________________ agus ______________________________________ (2)

*3.* Tabhair ainmneacha **DHÁ** loch a thaispeántar ar an léarscáil.

__________________________________ agus ______________________________________ (2)

*4.* An bhfuil daonra ard sa cheantar ag Céim an Daimh (V860 775)? Tabhair cúis **AMHÁIN** le do fhreagra.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________ (4)

*5.* Cén fáth a gceapann tú go bhfuil carrchlós ag V863 773?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________ (4)

*6.* Agus úsáid á baint agat as an léarscáil agus as an bhfótagraf atá agat, cé acu díobh seo a leanas a chuireann síos ar phatrún na sráideanna i lár Neidín? Cuir tic sa bhosca ar do rogha.

Dhá chearnóg ☐ Cearnóg agus triantán ☐ Dhá thriantán ☐ (4)

*7.* Tabhair **DHÁ** chúis go mb'fhéidir go meallfadh conairí rothaíochta tiomnaithe cosúil le Rotharbhealach Mhórchuaird Chiarraí agus Rotharbhealach Bhealach Bhéara turasóirí chuig ceantar Neidín.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________ (6)